
# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Réamhsheoladh an Chnuasaigh Scríbhneoireachta 'I mBun Pinn' (Eagrán a Dó)




Reáchtáladh ócáid i dTeach Scríbe ar an 29 Lúnasa chun an dara cnuasach scríbhneoireachta ‘I mBun Pinn’ a réamhsheoladh. Is toradh é an cnuasach seo ar cheardlann scríbhneoireachta, faoi stiúir Chiarán Uí Fátharta agus Jackie Mhic Dhonnacha.

Is iad Glór na nOileán agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir a d’eagraigh an togra seo le tacaíocht ó Scéim Forbartha na nEalaíon de chuid Ealaín na Gaeltachta. Táimid fíor-bhuíoch de stiúrthóirí na gceardlann agus ar ndóigh de na rannpháirtithe a bhfuil a gcuid oibre le fáil sa gcnuasach. Is cinnte go bhfuil an-éacht bainte amach acu.

Seolfar an leabhar go hoifigiúil ag ócáid fáilte na Féile 'Ainm Cleite' i Spórtlann Naomh Anna ar an Máimín, Leitir Mór ag an 3:00 an 15 Meán Fómhair. Tá míle fáilte roimh chách.




Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh arís le Jackie agus Ciarán, foireann Theach Scríbe, Seán Mac Donnacha (Oifigeach Pleanála Teanga, Glór na nOileán), Ealaín na Gaeltachta, Peadar Ó Gríofa (GChló) a chuir an cnuasach i gcló agus rannpháirtithe ar fad 'I mBun Pinn'.

## 'Aistear na nGael'



Fuair triúir cailíní ó Chonamara Láir - Nóra Bairéad, Aisling Seoige agus Sorcha Ní Mhaoilchiaráin - scoláireachtaí ó Údarás na Gaeltachta chun páirt a ghlacadh i gcampa Samhraidh 'Aistear na nGael' a bhí ar siúl i gCorca Dhuibhne, Co. Chiarraí. Is campa eachtraíochta seachtaine é do dhéagóirí na Gaeltachta leis an aidhm aige daoine óga na Gaeltachta a thabhairt le chéile chun spraoi a bheith acu le daoine óga ó Ghaeltachtaí eile agus Gaeilge a labhairt lena chéile. Leagtar béim ar imeachtaí faoin aer, ar imeachtaí rannpháirtíochta, agus cruthaítear cairdeas agus ceangail idir na déagóirí. Chomh maith leis sin tugtar spreagadh dóibh smaoineamh ar a bhféiniúlacht Ghaeltachta.

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Scoláireachtaí Coláistí Samhraidh Chonamara Láir

Coláiste Sheosaimh
Cárna-Cill Chiaráin, Conamara

Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir scoláireachtaí a bhronnadh ar cheathrar daltaí i mbliana chun freastal ar Choláiste Sheosaimh.
Is scéim nua í seo a chun tacú le daltaí óga, a bhfuil buanchónaí orthu i gceantar Chonamara Láir, atá ag iarraidh a leibhéal Gaeilge a fheabhsú ionas gur féidir leo freastal ar mheánscoil sa Ghaeltacht.
De réir an aiseolais, is cosúil go raibh an Coláiste Samhraidh tairbheach dóibh agus gur bhain siad an-taitneamh as. Dúirt duine de na daltaí "Ceapaim go bhfuil an cúrsa tar éis feabhas mór a chur ar mo chuid Gaeilge agus ceapaim go gcabhróidh sé go mór dom agus mé ag tosú sa mheánscoil".



Liam de Búrca,
Srath Salach




Conor Dunne, An Chaiseal



Ar dheis- Ailbhe agus Sofia,
An Chaiseal.




# Oíche Chultúir 2023

Mar chuid de cheiliúradh Oíche Chultúir 2023, tá lúcháir ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an togra 'Mea Ghabhair' a sheoladh go hoifigiúil i gcomhar le Jackie Mac Donnacha agus Ealaín na Gaeltachta.

Taispeánfar an dán físiúil, atá bunaithe ar shaothar Éamon de Buitléar, ar an oíche. Beidh sé ar siúl in Acadamh na hOllscoile, Carna an 22 Meán Fómhair ag tosú ag 6:30 i.n. Tá fáilte mhór roimh chách agus beidh sólaistí le fáil agus píosaí breátha ceoil á seinm.






## ‘As Conamara go Oregon. Cosán Fhir na gCaorach’

Ar an 9 Lúnasa, bhí ócáid mhór ar siúl in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna ag comóradh agus ag tabhairt eolais faoin dream as Conamara a chuaigh go Oregan agus Idaho chun aoireacht a dhéanamh ar chaoirigh. Tá sliocht na ndaoine seo fós sna háiteanna seo agus iad an-bhródúil as a n-oidhreacht i gConamara. Mar chuid den ócáid, bhí agallamh réamhthaifeadta ar an scáileán le teaghlach amháin dá leithéid. Bhí taispeántas ar siúl freisin de na caoirigh dúchasacha ar a dtugtaí na "CLADÓIRÍ" agus earraí olla mar a bhí sa tseanaimsir. Thaispeáin Máire Áine Ní Mhaoilchiaráin (ar dheis) as Leitir Ard seál ón tseanaimsir. Ba ag seanmháthair fhear céile Mháire Áine, Annie Ní Mhaoilchiaráin, a bhí an seál fadó.



## Nóta Comhghairdis










**Caithfear comhghairdeas a dhéanamh le foireann Peil na mBan Cárna Caiseal atá Cluiche ceannais na Sraithe buaite acu. D'imir siad in aghaidh Naomh Anna ar an 27ú Lúnasa i bPáirc na bPiarsach, Rosmuc.**
**Comhghairdeas mór le Máire Bríd Breathnach, Róisín Éinniú & Bernie Joyce a fuair an chéad áit i Srath na mBan agus le Máirtin Ó Maoilchiaráin, Micheal Ó Maoilchiaráin agus Joe Rua Seoige a bhfuair an chéad áit i Sraith na bhFear sa gCraobh Náisiúnta.**
**Comhghairdeas freisin leis na leaids seo - PJ Mac Donncha, Conall Ó Cuirrín agus Jeaic Ó Cualáin - a d’imir ar fhoireann buacach f15 na Gaillimhe an 12ú Lúnasa. Bhí Fionn Carr & Peadar Ó Máille, atá ar an bhfoireann chomh maith, as láthair.**

## Ros Muc Area Genealogy & DNA

Bhí suim i gcónaí ag Peadar Ó Mainín agus ag Noel Ó Murchú i gcúrsaí a bhaineann le stair ár sinsear. In 2019 bheartaigh Peadar agus Noel in éineacht le Jim Hollarn as San Diego grúpa Ros Muc Area Genealogy & DNA a bhunú ar Facebook agus is furasta a fheiceáil go bhfuil siad ag dul ó neart go neart ó shin. Tá 1600 rannpháirtí acu i láthair na huaire agus tá sé sin ag fás agus forbairt gach lá. Bíonn daoine i dteagmháil leo go laethúil ó chian is ó chóngar ag lorg cabhrach agus tacaíochta chun a ngaolta a fhiosrú.

Theastaigh uatha beirt go mbeadh deis ag muintir na háite agus ag an Diaspóra eolas a fháil nó a chur ar fáil faoinár sinsir ar bhealach rúnda agus proifisiúnta ina gceantar áitiúil féin. Oibríonn siad le eagraíochtaí ar fud na cruinne chun an t-eolas ábhartha a bhailiú agus é a chur ar fáil dóibh siúd ina bhfuil suim acu ann.

D'eagraigh Peadar, Noel agus Jim an ceathrú 'Teacht Le Chéile' don phobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'fhreastail breis agus 120 duine ar an deireadh seachtaine a eagraíodh le déanaí agus fuair siad aiseolas dearfach. Chuir Seamus Ó Máille tús leis na cainteanna nuair a rinne sé cur síos ar gceangal idir Ros Muc agus capaillíní Chonamara. Ina dhiaidh sin labhair Cóilín Hernon faoi Húicéir sainiúil na Gaillimhe. Rinne Jim Hollarn as San Diego cur síos ar Ros Muc, Ginealas Chonamara and DNA. Chuala an lucht éisteachta an Dr. Joseph Mannion ansin ag cur síos ar Chlanna & Sloinnte Chonamara agus an tionchar a d'fhág an imirce ó Oirthear na Gaillimhe. Rinne Bridie Kinneavy agus Leslie Thomas cur síos ar an gceangal idir Ros Muc agus Alaska (a bhaineann leis an 'Queen of Alaska – Bridget Aylward (Ní Mhainín) as Ros Muc). Chuir Noel féin críoch leis an dara lá le roinnt eolais maidir le Torthaí agus Taighde DNA.


Ba í Susan Toulson a chuir tús le seisiún an Domhnaigh nuair a labhair sí faoina ceangal féin leis an áit agus leis na sloinnte Breathnach agus Confhaola. Mar is léir, deireadh seachtaine den scoth a bhí ann agus ní raibh aon ocras ar éinne mar bhí neart le hithe agus le n-ól.



Tá Peadar agus Noel ag baint an-tairbhe as an obair atá ar siúl acu go deonach, agus tá siad chomh sásta go bhfuil siad in ann cabhrú le daoine a ngaolta agus a muintir a aimsiú. Is iomaí scéal aoibhinn agus greannmhar atá cloiste acu & ní bheadh a fhios nach mbeadh ábhar leabhair acu amach anseo!

Cuireann Peadar agus Noel fáilte roimh aon duine ón bpobal teagmháil a dhéanamh leo agus meabhraítear go mbíonn gach eolas faoi rún i gcónaí. Is féidir leat iad a leanúint ar leathanach Facebook Ros Muc Area Genealogy & DNA ach chúpla ceist bhunúsach a fhreagairt chomh hionraic agus is féidir leat.

Teagmháil: Peadar Ó Mainín ag peadaromainin@gmail.com nó Noel Ó Murchú ag noel.omurchu@gmail.com




**An bhfuil suim cónaí ort i gceantar Chloch na Rón agus suim agat do chuid Gaeilge a fheabhsú?**

Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag tacú le pobal Chloch na Rón seisiún Ciorcal Comhrá a chur ar siúl san Ionaid Pobail. Tá suim léirithe go háirithe ag lucht gnó san seisiún seo mar ba mhaith leo an Ghaeilge a chur chun cinn ina ngnó.

Táthar ag súil le tús a chur leis an gCiorcal Comhrá i mí Mheán Fhómhair. Má tá suim agat a bheith páirteach nó má theastaíonn breis eolais uait, seol ríomhphost chuig ocpt@conamaralair.ie

## Ranganna Jiveála an Fhómhair

**Agus oícheanta fada an fhómhair ag druidim linn, nach mbeadh sé go deas páirt a ghlacadh i ranganna spraíúla agus an chraic a bheith agat freisin?**
**Bhuel, tar amach chuig na ranganna jiveála a bheas ag tosú in Ionad Pobail Chill Chiaráin an 19ú Meán Fómhair. Beidh na ranganna ar siúl ón 7:30-8:30 ar feadh ceithre seachtaine.**
**Cosnaíonn na ranganna €30 an duine nó tabhair leat cara agus gheobhaidh tú lascaine - €50 do bheirt.**
**Is féidir breis eolais a fháil ach glaoch a chur ar (087)9629038.**





**Tá painéal teagascóirí á chur le chéile ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir. Seo painéal daoine a bheadh ar fáil agus suim acu i ranganna Gaeilge a mhúineadh i gceantar Chonamara Láir.**
**Fáilteofar freisin roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí cuí agus/nó taithí acu chun ranganna éagsúla (mar shampla ealaín, aclaíocht, cócaireacht, ceardaíocht, srl.) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.**
**Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie chun breis eolais a fháil.**




## San am a chuaigh thart..

An bhfuil aon phictiúir agaibh do cheantar Chonamara Láir sa tseanaimsir? Ba bhreá linn iad a bhailiú agus iad a chur sa chuid nua seo dár nuachtlitir.
Seo pictiúir de Chuan an Chaisil a thóg Robert French sna 1890idí.
Buíochas le The Days of the MV Naomh Éanna, Ireland as cead a thabhairt a gcuid pictiúr a úsáid.



# Coirnéal Chomhrá



**Aoí na Míosa: Seán Seosamh Ó Cuirrín**

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?**
SS b'fhéidir níl mé cinnte !

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Órán Mór faoi láthair

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?**
Baineann mé an-tairbhe as an Ghaeilge. Chuile phost a bhí agam ó chríochnaigh mé scoil, bhí sé san earnáil Gaeilge.

**4.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?**
Tá mé ag obair le eagraíocht Gaeilge, bíonn gach gné den obair trí Ghaeilge.

**5.Céard é an béile is fearr leat?** Stéig, fataí, glasraí agus beagán gravy

**6.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** 'Black Cat' i nGaillimh

**7.Céard é an boladh is fearr leat?** Boladh fry.

**8.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Shark tank, bíonn sé ar tg4.

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Peil, iomáint agus ag léamh.

**10.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Nerja, An Spáinn. Baile an-deas ar an gcósta, tránna áille.

**11.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Scannán grinn

**12.An noiméad den lá is fearr leat?** Am dinnéir

**13.An t-am den bhliain is fearr leat?** An samhradh, laethanta fada ar an bportach

**14.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Cuireadh go leor comhairle orm thar na blianta, an-deacair ceann a phiocadh ach is dócha, 'a bheith cineálta agus meas agat ar dhuine'

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Patrick Ó Súilleabháin, a bhuaigh comórtas mhí Lúnasa.
Is é Simon Boyle, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana. Roghnaigh sé an grianghraf seo mar gheall ar an solas agus ar an gcaoi a tháinig an ghrian amach ag an am ceart.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Mheán Fómhair chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

Mám Éan- Is éard a chiallaíonn 'mám' ná bearna i sliabh. Mar sin 'Mám' & 'Éan'- slí/bealach do na héin.

## Seanfhocal na Míosa:

*Is túisce a thiteann oíche Fómhair ná cloch i bpoll móna*

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**